Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Amharc-ealaín/Ealaín

## Leabhrán Foghlaim Ghairmiúil

## 2025-2026

CC BY NC

# Clár an Ábhair

Inniu Déanfaimid .......... 1

Féach, Smaoinigh, Mise, Muidne .......... 2

Machnamh: Ag Tacú le hAistrithe san Oideachas Ealaíne .......... 3

Straitéisí Smaointeoireachta Fuaime .......... 4

Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana .......... 5

Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach .......... 6

Gnéithe Scoláirí,Táscairí Forbartha agus Eispéiris Scoláire.......... 7

Machnamh: Cad is mian leat a fhorbairt? .......... 11

Micreamhodúil a Dhreachtú .......... 12

Machnamh: Ag Tacú le hEispéis Scoláire le linn Ealaín Idirbhliana.......... 14

Torthaí Foghlama .......... 15

Machnamh: Céim inchainge amháin a thógfaidh tú .......... 17

Briathra Gnímh .......... 18

Gluais .......... 22

Tagairtí .......... 23

# Inniu déanfaimid

Scrúdú ar an gcaoi a dtacaítear le haistrithe foghlaimeoirí laistigh den oideachas ealaíne iar-bhunscoile, i bhfianaise na bhforbairtí curaclaim is déanaí.
Iniúchadh ar chuspóir na hidirbhliana i gcomhthéacs an oideachais ealaíne iar-bhunscoile.

Micrea-mhodúil Ealaíne Idirbhliana a phleanáil go comhoibríoch ag baint úsáid as an doiciméad Treoir agus Teimpléid ón CNCM.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Gnáthamh Smaointeoireacht:

## Féach, Smaoinigh, Mise, Muidne

Gnáthamh chun pictiúr níos mó a nascadh le chéile ó Project Zero, Harvard

| | |
|---|---|
| 1. **FÉACH**: Féach níos grinne ar an obair. Cad a thugann sibh faoi deara? Tabhair neart tuairimí. | 2. **SMAOINIGH:** Cad iad na smaointe atá agat faoin obair? |
| 3. **MISE**: Cad iad na ceangail idir tú féin agus an obair? | 4. **MUIDNE**: Cén chaoi a mbeadh an obair ceangailte le scéalta níos mó – faoin domhan agus ár n-áit sa domhan? |

**Sula dtosaíonn tú**

Roghnaigh saothar nó íomhá. Spreagann an gnáthamh na foghlaimeoirí conas nasc pearsanta a dhéanamh, mar sin tá sé tábhachtach go háirithe atmaisféar muiníne agus cúraim a bhunú.

**Ag éascú**

FÉACH: Iarr ar na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh go hiomlan ar an méid a fheiceann siad agus fanacht le hainilís a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt.

SMAOINIGH: Spreag na foghlaimeoirí a gcuid smaointe a roinnt faoin saothar. Is féidir leat treoir a thabhairt don chéim tríd ceistreanna a chur: Cad ata ar siúl sa saothar seo? Cad is brí leis sin? Cad chuige a ndúirt tú é sin?

MISE: Iarr ar na foghlaimeoirí naisc phearsanta a dhéanamh, mar sin tá atmaisféar sábháilte agus muiníneach tábhachtach go háirithe. B’fhéidir go gcabhróidh tú leis an gcéim seo trí do fhreagra pearsanta féin a roinnt ar dtús.

MUIDNE: Tabhair cuireadh d’fhoghlaimeoirí naisc a lorg taobh amuigh díobh féin. Smaoinigh conas a d’fhéadfadh na naisc phearsanta a chruthaigh siad sa chéim MISE a bheith nasctha le téamaí níos mó de thaithí dhaonna. Mar atá le céim MISE, tacaíonn freagra a mhúnlú le smaointeoireacht níos doimhne.

Share your experience with this thinking routine on social media using the hashtags #PZThinkingRoutines and #SeeThinkMeWe.

PROJECT ZERO HARVARD GRADUATE SCHOOL OF EDUCATION | Arts as Civic Commons

This thinking routine was developed as part of the Arts as Civic Commons project at Project Zero, Harvard Graduate School of Education.

Explore more Thinking Routines at pz.harvard.edu/thinking-routines

© 2019 President and Fellows of Harvard College and Project Zero. This work is licensed under a Creative Commons Attribution-NonCommercial-NoDerivatives 4.0 International License (CC BY-NC-ND). This license allows users to share this work with others, but it cannot be used commercially. To reference this work, please use the following: The See, Think, Me, We thinking routine was developed by Project Zero, a research center at the Harvard Graduate School of Education.

# Machnamh:

## Ag Tacú le hAistriú san Oideachas Ealaíne

| **Conas atá ag éirí liom?**<br>Déan machnamh ar an gcaoi a dtacaíonn tú le scoláirí maidir le hathruithe san oideachas ealaíne | | | |
|---|---|---|---|
| *Machnamh Soilse Tráchta*<br>*Déan machnamh ar do leibhéal dul i ngleic lena ráitis thíos.*<br>*I gcónaí, Uaireanta, Go fánach* | I gcónaí | Uaireanta | Go fánach |
| Pleanáil mé agus aistrithe scoláirí ar intinn agam chun tacú le foghlaim | | | |
| Molaim do scoláirí tarraingt ar a n-eispéiris phearsanta ag gach céim dá n-aistear foghlama Ealaíne | | | |
| Tugaim am agus tacaíocht do scoláirí a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin le linn tréimhsí aistrithe | | | |
| Smaoiním ar chéimeanna forbartha na scoláirí agus mé ag pleanáil | | | |
| Bím ag pleanáil agus ag baint úsáid as straitéisí difreáilte chun tacú le scoláirí agus iad ag bogadh trí chéimeanna dá bhfoghlaim | | | |
| Cruthaím deiseanna do scoláirí a bheith ag iniúchadh, ag machnamh agus ag forbairt mar ealaíontóirí | | | |

## Straitéis Smaointeoireachta Fuaime

Is cur chuige sainráite é Straitéisí Smaointeoireachta Fuaime (SSF) chun éisteacht le faisnéis. Tá sé curtha in oiriúint ó na Straitéisí Smaointeoireachta Amhairc (SSA), a d'fhorbair an Síceolaí Cognaíoch as Harvard Abigail Housen agus iar-Stiúrthóir Oideachais ag MOMA Philip Yenawine. Cuirtear tús leis an modheolaíocht teagaisc seo trí phlé ar spreagthaigh fuaime agus tacaíonn sí le foghlaimeoirí smaoineamh go domhain ar an méid atá á chloisteáil acu.



Trí SSF, cothaíonn foghlaimeoirí toilteanas agus cumas éisteacht go gníomhach, a gcuid smaointe féin a chur i láthair, fiosrú go hoscailte, réasúnaíocht a dhéanamh i bhfianaise, breithiúnas a chur ar fionraí, peirspictíochtaí iolracha a bheith acu, agus botúin a chomhcheangal. Nuair a chleachtann éascaitheoirí conas comhrá a éascú ar dhóigh neodrach seachas é a threorú, cruthaíonn siad timpeallacht foghlama a thacaíonn leis an ngrúpa ach a thugann a ndúshlán agus iad ag glacadh freagrachta as léirmhíniú a thabhairt ar dhébhríocht agus ar bhríonna srathacha spreagthach fuaime..

| Eisteacht Chiúin | Trí Cheist | Éascaitheoir | Buíochas |
|---|---|---|---|
| Roghnaigh spreagthach fuaime atá oiriúnach d'aois agus do chéim an ghrúpa | Cad é atá ar siúl sa ghearrthóg fuaime seo?<br><br>Cad a chuala tú a thugann ort a rá...?<br><br>Cad é eile is féidir leat / linn a fháil? | Éisteann sé go gníomhach<br><br>Léiríonn sé go sainráite an réimse atá á phlé<br><br>Cuireann sé i bhfocail eile, fanann sé neodrach<br><br>Nascann sé le tuairimí nó le coincheapa roimhe. | Críochnaigh, trí mheas a thaispeáint do scil a léirigh rannpháirtithe sa phlé. |

*Athchóirithe ó*
*Stráitéisí Smaointeoireachta Amhairc*
*https://vtshome.org/about*

## Aidhmeanna Ráiteas an Chláir Idirbhliana

1. Forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

2. Spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus ina ról mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

3. Taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.

4. É a bheith ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach chun tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana a chuimseodh an scoláire, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

*CNCM, 2024, Ráiteas an Chláir Idirbhliana , l. 8*

## Réasúntacht SSF

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

## Stop agud Scríobh

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

# Príomhinniúlachtaí sa tSraithe Shinsearach

## Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach

### Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna


- smaointeoireacht chriticiúil a chur i bhfeidhm i suíomhanna a mbeach cur amach acu orthu agus i suíomhanna úra araon.
- fadhbanna a shainaithint, teacht aníos le réitigh fhéideartha agus cinntí eolasacha a dhéanamh.
- réimse de straitéisí smaointeoireachta, luachanna agus meonta a fhorbairt agus a úsáid chun forbairt a dhéanamh agus freagairt chriticiúil a thabhairt ar cheisteanna agus tascanna agus chun fadhbanna a réiteach.

### Foghlaim a bhainistiú agus féinbhainistiú

- a chuid foghlama féin a bhainistiú, le tacaíocht óna mhúinteoirí, daoine fásta eile, a chuid comhscoláirí agus ón teicneolaíocht.
- straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí lena chuid foghlama agus a chonair saoil amach anseo.

### A bheith cruthaitheach

- a bheith cruthaitheach agus réimse de straitéisí agus próisis a fhorbairt a thacódh lena gcruthaitheacht.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena gcothófaí a gcruthaitheacht.




### Folláine a chothú

- d'fholláine féin agus folláine daoine eile a chothú.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí leis an bhfolláine agus leis an acmhainn plé le agus freagairt do dhúshláin.

### Cumarsáid

- a thuiscint ar fhoirmeacha éagsúla cumarsáide a dhoimhniú agus ar an ábhar a bhfuil staidéar á dhéanamh aige air.
- cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh, ag úsáid uirlisí agus formáidí éagsúla, ar chúiseanna éagsúla agus le spriocphobail éagsúla.
- nósanna agus meonta todhchaí a fhorbairt a chabhróidh leis, dá réir, cumarsáid bhríoch éifeachtach a dhéanamh.

### Rannpháirtíocht sa tsochaí

- rannpháirtíocht bhríoch a dhéanamh ar scoil, sa phobal agus sa tsochaí níos leithne.
- luachanna agus meonta a fhorbairt lena dtacófaí le rannpháirtíocht bhríoch.

### Obair le daoine eile

- a bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach i mbeirteanna, i ngrúpaí agus i bhfoirne.
- straitéisí, luachanna agus meonta a fhorbairt a fhágfaidh gur eispéireas níos fiúntaí é an comhoibriú le daoine eile.

*CNCM, 2024, Príominniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, Leabhrán Tacaíochta do Scoileanna, l. 2*

## Gnéithe Scoláire agus Táscairí Forbartha

## Fás Pearsanta

Tagann an scoláire in aibíocht ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana, ag forbairt i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht.

**Táscairí forbartha**

- An scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.
- Cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile.
- Spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.
- Acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionramháil agus machnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta.
- An chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.
- A bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach.
- A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis.
- A bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta.
- A bheith ag idirghníomhú le daoine eile ar bhealach níos comhbháiche, san fhíorshaol agus ar líne araon.
- A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin.
- Níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal.

**Eispéiris scoláire**

- Tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach.
- Taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha chun féinléiriú a chumasú.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta.
- Oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta.
- Gníomhaíochtaí agus eispéiris ag cur na sláinte fisicí agus mothúchánaí ar feadh an tsaoil chun cinn.
- Deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta.
- Deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh.
- Aitheantas d’fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.

# Gnéithe Scoláire agus Táscairí Forbartha

## A bheith i d'Fhoghlaimeoir

Agus é ag tógáil ar na heispéiris a bhí aige go dtí seo, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.

### Táscairí forbartha

- A bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach.
- Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.
- A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.
- A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.
- Léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.
- A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú.
- Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.
- Tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air.
- Cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.
- A bheith níos oscailte i leith triail a bhaint as réimse straitéisí foghlama.
- A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.
- A chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

### Eispéiris scoláire

- Ábhair leanúnachais agus ag fáil blaiseadh d'ábhar le foghlaim a dearadh chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt.
- Éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an Ráitis an Chláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire.
- Deiseanna bríocha foghlama lena n-ionchorprófaí ionchur an scoláire.
- Deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach.
- Measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha mar shampla múinteoir, piar- agus féinmheasúnú, agus chun críche foirmitheacha agus suimitheacha.
- Aitheantas do ghnóthachtáil i ngach réimse den churaclam.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifeadadh ar fhorbairt an scoláire agus a dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir.
- Réimse de thionscadail aonair agus foirne, comórtais, gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana atá indéanta agus dúshlánach go leor.

## Gnéithe Scoláire agus Táscairí Forbartha

# Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail

Déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe.

### Táscairí forbartha

- Caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra.
- Níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit an duine agus ilchineálacht.
- A fheasacht agus a bhraistint comhbhá, féiniúlachta agus muintearais a dhoimhniú.
- Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo.
- Gníomhú chun maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe.
- Níos mó treallúis a léiriú ina scoileanna, pobail, agus sochaí.
- Spriocanna a shocrú le bheith ina shaoránach gníomhach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu seo.
- A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne.
- A bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha.
- A bheith ag iarraidh cur le saol níos córa.
- Tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

### Eispéiris scoláire

- A bheith ag obair le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla nó náisiúnta i gcaitheamh na bliana.
- Deiseanna le bheith ag obair go deonach trí obair phobail agus socrúchán sóisialta.
- Oideachas ar fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áireofaí gníomh bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe.
- Comhroinnt eolais agus scileanna laistigh de phobal na scoile agus i measc páirtithe leasmhara sa phobal.
- Punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá rannpháirtíocht shibhialta agus phobail.
- Tionscadail, comórtais, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar scoil, sa bhaile, i bpobail áitiúla agus sa tsochaí.
- Rannpháirteachas bríoch le múnlú chultúr na scoile.
- Deiseanna foghlama maidir le comhbhá, ilchineálacht agus ionchuimsiú.

## Gnéithe Scoláire agus Táscairí Forbartha

# Taighde Gairme

Déanann an scoláire taighde ar chonairí todhchaí ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt inniúlachtaí a bhaineann leis an ngairm.

### Táscairí forbartha

- A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus deiseanna gairme.
- A bheith ag cur lena fheasacht ar shuimeanna pearsanta, inniúlachtaí, luachana agus meonta.
- Spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta.
- Níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme.
- Níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú.
- A bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh.
- A chuid eolais agus iompraíochtaí sa láthair oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil.
- Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.

### Eispéiris scoláire

- Socrúcháin oibre i gcaitheamh na bliana.
- Tascanna machnaimh, faoi threoir, le linn taithí agus socrúcháin san IB.
- Ábhair agus modúil ar churaclam na sraithe sinsearaí a nascann le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Gairmthreoir agus tacaíocht sa seomra ranga i dtaca le réimse de chonairí sa todhchaí.
- Punann a chruthú, faoi threoir, a dhéanann taifeadadh ar a chuid machnaimh ar a thaighde gairme.
- Éagsúlacht de dheiseanna foghlama, a fheabhsaíonn scileanna praiticiúla agus gairmiúla.
- Fáil ar ócáidí nó ar thimpeallachtaí foghlama a bhaineann le gairmeacha.
- Aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha.
- Gearrchúrsaí teistithe nó micridhintiúir.
- Deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas.

*CNCM, 2024, Ráiteas an Chláir Idirbhliana , l. 12-15*

## Machnamh

Cad is mian leat a fhorbairt i measc do scoláirí le linn Ealaín na hIdirbhliana?

## Micrea-mhodúil a Dhreachtú

### Coláiste Pobail Evie Hone

Oide



Tá an grúpa ranga idirbhliana seo i scoil chomhoideachais. Tá gach scoláire ag tabhairt faoi Ealaín san Idirbhliain don bhliain iomlán, tréimhse dhúbailte amháin in aghaidh na seachtaine. Tá suim ar leith ag an gcohórt scoláirí seo i spórt, ceol agus drámaíocht. Tá riachtanais oideachais bhreise ag roinnt scoláirí agus tá roinnt scoláirí ann a bhfuil Béarla mar theanga bhreise (BTB) acu agus scoláirí malairte. Bhí leath den ghrúpa ag plé le hAmharc-Ealaín na sraithe sóisearaí agus bhí taithí theoranta ag roinnt eile ar an Ealaín ag an mbunleibhéal. Coinníonn scoláirí bloc sceitseála chun cur lena bpunann Idirbhliana ghinearálta agus le taispeántas Idirbhliana ag deireadh na bliana.



Lch 12

## Rationale

### Réasúntacht a dhréachtú – Ealaín agus Cultúr

Oide

Ealaín & Cultúr

**Réasúntacht**

- Cineál an mhicreamhódúil
- An chaoi ar féidir leis an micreamhodúl cur le comhlíonadh Aidhmeanna RCI agus forbairt na ngnéithe scoláire
- Cad iad gnéithe uathúla an mhicreamhodúil seo?
- Cén fáth ar cheart don scoláire an micreamhodúl seo a dhéanamh?
- Cén fáth a bhfuil an micreamhodúl seo tábhachtach do shaol an lae inniu?



Micreamhódúil – Treoir
Lch 7

Féiniúlacht chultúrtha a chéiliúradh

Feasacht dhomhanda agus phobail

Scileanna sóisialta agus comhoibríoch a fhorbairt

Cuir le cleachtas ealaíniúil agus machnamhach

Dul i ngleic le healaíontóirí comhaimseartha

I ndomhan idirnasctha, is den riachtanas é luach a chur ar chultúir éagsúla chun sochaithe cuimsitheacha a chruthú.

Tacaíonn an micrea-mhodúl Ealaíne 10 n-uaire an chloig seo le scoláirí dul i ngleic lena bhféiniúlacht chultúrtha agus í a úsáid mar spreagthach. Tacóidh an micrea-mhodúl le scoláirí mothú muintearais a fhorbairt, naisc fhiúntacha a thógáil le daoine eile agus leis an domhan mór agus cuirfidh sé feabhas ar Phríomhinniúlachtaí, lena n-áirítear ag obair le daoine eile, cumarsáid agus a bheith cruthaitheach.

Spreagann an micrea-mhodúl seo rannpháirtíocht an phobail freisin le naisc le healaíontóirí comhaimseartha.



Coláiste Pobail Evie Hone

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Aidhm

### Aidhm a Dhréachtú – Ealaín agus Cultúr

Oide

**Aidhm**

- Cén taithí a gheobhaidh an scoláire de bharr páirt a ghlacadh sa mhicreamhodúl seo?
- Cad é na buntáistí a bheidh ann do mhic léinn a bheidh ag le tabhairt faoin micreamhodúil?

Micreamhódúil – Treoir Lch 7

Coláiste Pobail Evie Hone

Féiniúlacht chultúrtha a iniúchadh trí amharc-ealaín – comhbhá, éagsúlacht

Próises ealaíonta a fhiosrú – a nguth féin

Gníomhaíochtaí comoibríoch – scileanna eagrúcháin, fás sóisialta agus mothúchánach

Imeacht chultúrtha a dhearadh – spriocanna, lóistíocht

**Ealaín & Cultúr**

Tá sé mar aidhm ag an modúl seo tacú leis an scoláire:

- A bhféiniúlacht chultúrtha agus a dtraidisiúin chultúrtha a iniúchadh, a chur in iúl agus a roinnt, trí amharc-ealaín, agus comhbhá a fhorbairt le daoine aonair, le grúpaí agus le sochaithe.
- Teagmháil a dhéanamh le healaíontóirí ina bpobal chun forbairt a dhéanamh ar a nguth ealaíonta féin.
- Comhoibriú chun imeacht ealaíon a dhearadh agus a phleanáil, ag forbairt scileanna eagrúcháin na scoláirí agus ag cothú a bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach.

## Torthaí Foghlama

### Foghlaim an Scoláire a Aithint

Oide

**Foghlaimíonn an scoláire faoi**

I ngach cuid den cholún 'Foghlaimíonn an scoláire faoi' ba cheart go mbeadh teideal agus achoimre ghonta faoi na réimsí a bhfoghlaimíonn an scoláire fúthu.

**Teideal: Bainistiú Imeachtaí**

- Stráitéisí cumarsáide
- Scileanna eagrúcháin éifeachtacha
- Próiseas dearadh agus coimeádaíocht

**Ba cheart go mbeadh sé ar chumas**

Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim chun cur síos a dhéanamh ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba chóir don scoláire a bheith in ann a léiriú tar éis tréimhse foghlama.

**Torthaí Foghlama**

1.1 Dear agus pleanáil imeacht ealaíne chun cultúir éagsúla na scoile a chéiliúradh

1.2 Cumarsáid a dhéanamh go soiléir, comhoibriú go éifeachtach agus a scileanna eagrúcháin a chur i bhfeidhm chun sprioc chomónta a bhaint amach.

Micrea-mhodúl Treoir Page 8

Coláiste Pobail Evie Hone

Cad ba chóir dúinn smaoineamh faoi chun torthaí foghlama a scríobh?

*CNCM, 2025, Micreamhodúl Idirbhliana a Fhorbairt, Treoir agus Teimpléad, l 8*

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Machnamh: Ag tacú le hEispéiris Scoláirí san Idirbhliain

### Conas atá ag éirí liom?

Déan machnamh ar na heispéiris foghlama Ealaíne an Scoláire sa Idirbhliain

*Ciorclaigh an uimhir ar an scála a léiríonn cé chomh compordach is atá tú lena ráitis seo a leanas*

| Míchompordach | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Compordach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Pleanálaim, i gcomhairle le mo scoláirí, eispéiris fhoghlama shaibhre, fhiúntacha a thacaíonn go gníomhach le forbairt phríomhinniúlachtaí na scoláirí.

| Míchompordach | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Compordach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Cinntím go bhfuil scoláirí soiléir faoin rud atá á fhoghlaim acu agus cén fáth a bhfuil siad á fhoghlaim.

| Míchompordach | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Compordach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Cuirim deiseanna ar fáil do scoláirí Ealaíne na hIdirbhliana rioscaí a ghlacadh, botúin a dhéanamh agus foghlaim uathu chun feabhas a chur ar a gcuid oibre.

| Míchompordach | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Compordach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Molaim do scoláirí na hIdirbhliana Ealaíne réimsí éagsúla cleachtais a iniúchadh chun dul i ngleic le dushláin ealaíne agus/nó dearaidh.

| Míchompordach | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | Compordach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

Cuirim ar chumas na scoláirí machnamh a dhéanamh ar aiseolas agus aiseolas a chur i bhfeidhm (idir aiseolas ó mhúinteoir agus ó phiaraí).

# Torthaí Foghlama

### Cén rud é Torthaí Foghlama?

Is é atá i gceist le torthaí foghlama ná ráitis a chuireann síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú tar éis tréimhse foghlama.

- **Eolas: fíricí, coincheapa, smaointe, teoiricí agus tuiscint phraiticiúil.**
- **Scileanna: ábaltacht agus cumas tasc, próiseas nó sprioc a chur i gcrích.**
- **Luachanna agus meonta: Creidimh aonair a fheidhmíonn mar threoir d'iompar an duine.**

Soláthraíonn torthaí foghlama bloic thógála do mhúinteoirí chun a dteagasc, a bhfoghlaim agus a measúnú a phleanáil.

Má úsáidtear i gceart iad, is féidir le torthaí foghlama tacú le múinteoirí chun cur ar chumas scoláirí a gcuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a úsáid ar bhealach comhordaithe chun gníomhú mar fhreagairt ar thascanna, comhthéacsanna, staideanna agus imeachtaí éagsúla.

## Leideanna chun torthaí foghlama éifeachtacha a scríobh don Idirbhliain


| | |
|---|---|
| **Táscairí Foghlama** | Tá na torthaí foghlama bunaithe ar na Táscairí Forbartha |
| **Bí Sonrach** | Teanga shoiléir ina luaitear cad é a ba mhaith leat a bheith ar eolas ag scoláirí nó a bheadh siad in ann a dhéanamh |
| **Briathra Gnímh** | Tosaigh le 'Beidh scoláirí in ann...' agus ansin briathar gnímh m.sh. dearadh, cruthú, sceitseáil |
| **Intomhaiste** | Ní mór na torthaí a bheith intomhaiste ionas gur féidir leis an scoláire agus leis an múinteoir eolas, scileanna agus dul chun cinn a mheas |
| **Tacsanomaíocht Bloom** | Smaoinigh ar úsáid a bhaint as an tacsanomaíocht seo de bhriathra gnímh ar smaointeoireacht ardoird agus íosoird, atá oiriúnach do do scoláirí |
| **Réalaíoch** | Ba chóir go mbeadh siad indéanta laistigh den fhráma ama agus leis an gcumas acmhainní |
| **Comhthéacs** | Comhthéacs a chur ar fáil don toradh foghlama ionas go dtuigeann na scoláirí a ábharthacht agus an tábhacht a bhaineann leis |
| **Éagsúlacht** | A chinntiú go bhfuil siad cuimsitheach agus inrochtana do gach foghlaimeoir |
| **Athbhreithniú** | Athbhreithniú a dhéanamh agus soiléireacht agus ailíniú a chinntiú le spriocanna RCI*, bunaithe ar aiseolas agus ar mhachnamh |

RCI* - Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

# Torthaí Foghlama

**Structúr Toradh Foghlama Ealaíne don Idirbhliain:**

1. 'Beidh scoláirí ar chumas ag scoláirí …
2. Cuir briathar gníomh le…
3. Cad é an t-eolas, tuiscint, cumas agus meonta atá á fhorbairt acu?




*Faoi dheireadh an mhicreamhódúl ealaíne seo, beidh sé ar chumas ag scoláirí… ‘imeacht ealaíne a dhéanann cultúir éagsúla pobal na scoile a cheiliúradh, a dhearadh agus a phleanáil.’*

| Cuimhnigh | Tuig | Cuir i bhfeidhm | Anailísigh | Measúnaigh | Cruthaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| Aimsigh | Achoimrigh | Anótáil | Anailísigh | Athbhreithnigh | Coimeád |
| Aithin | Braith | Bain triail | Catagóirigh | Cosain | Cruthaigh |
| Amharc- | Cuir i | Cuir i bhfeidhm | Déan | Cuir i gcrích | Déan |
| léirigh | gcodarsnacht | Cuir in iúl | comparáid | Cuir in eagar | Dear |
| Cuimhnigh | Cuir síos ar | Taispeáin | Smaoinigh | Cuir luach ar | Dréachtaigh |
| Gabh | Déan | Déan taighde | Cuir i | Déan critíc ar | Forbair |
| Liostaigh | comparáid | Tomhas | gcodarsnacht | Meas | Leirigh |
| Luaigh | Freagair | Trácht | Fiosraigh | Measúnaigh | Maisigh |
| Taifead | Léirigh | Usáid | Léirigh fianais | Mínigh | Táirg |
| | Léirmhínigh | | Léirmhínigh | | Tóg |
| | Mínigh | | Sceitseáil | | |
| | Sainmhínigh | | Scrúdaigh | | |


*CNCM,2023, Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach*
*CNCM, 2019, Díriú ar an bhFoghlaim – Torthaí Foghlama*
*OECD, 2019, Future of Education and Skills 2030*

## Machnamh

Luaigh céim inchainge amháin a thógfaidh tú chun tacú níos fearr le scoláirí le linn Ealaín na hIdirbhliana.

## Briathra Gnímh

| Briathar | Cur síos |
|---|---|
| **Aimsigh** | téarma ginearálta ar féidir leis ríomh, tomhais, faigh amach, srl., a chur in iúl |
| **Aistrigh** | rud a léiriú i dtéarmaí rud éigin eile nó trí mheán nó modh léirithe eile |
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Amharcléirigh** | rud atá teibí nó rud nach bhfeiceann an tsúil a chruthú san intinn nó sa tsamhlaíocht |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Anótáil** | nótaí gairide mínithe a chur le léaráid nó le graf |
| **Argóin** | dúshlán a thabhairt do shaincheist nó do smaoineamh agus díospóireacht a dhéanamh ina leith, chun críche meon duine a athrú nó a thiomnú do sheasamh nó do ghníomh áirithe |
| **Athbhreithnigh** | féachaint ar ábhar nó dul siar ar ábhar d'fhonn é a cheartú, a fheabhsú nó a leasú |
| **Bailigh** | faisnéis ghaolmhar a thabhairt le chéile le haghaidh comparáid chriticiúil, taighde nó le húsáid chun bailiúchán saothar nó smaointe a chruthú |
| **Bain as** | an inniúlacht eolas nua a thuiscint as eolas cosúil leis nó eolas a raibh taithí<br>air cheana nó eolas a breathnaíodh |
| **Bain triail** | nós imeachta a dhéantar chun teacht ar rud éigin, chun hipitéis a thástáil, nó chun fíric atá ar eolas a thaispeáint |
| **Bain triail (go** | aghaidh a thabhairt ar chruthú go spraíúil nó go córasach, ach le toradh nach fios i gcónaí |
| **Braith** | úsáid a bhaint as na céadfaí chun smaointe inmheánacha a chruthú bunaithe ar spreagthaigh sheachtracha (mar shampla, ábhair, próisis, cásanna) |
| **Breac** | cairt, scéim nó léarscáil ina léirítear meon agus feidhm rudaí; plean nó scéim |
| **Breathnaigh** | eolas a fháil trí bhrath, aithint agus tuiscint i ndiaidh féachaint ar rud |
| **Cáin** | na lochtanna nó na heasnaimh atá ar rud a lua, mar shampla, triail nó próiseas, agus cúiseanna a thabhairt |
| **Ceangail** | rud a shamhlú le rud eile agus cúiseanna a thabhairt |
| **Ceap** | na coincheapa nó na hargóintí cuí a chur in iúl go beacht agus go córasach |
| **Ceistigh** | nath ceisteach chun tús a chur le plé |
| **Coimeád** | míreanna a roghnú ar bhealach fiúntach as líon nó réimse míreanna ionas go n-úsáidfidh daoine eile iad agus/nó go mbainfidh daoine eile taitneamh astu |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | an topaic atá le déanamh a phróiseáil agus foirm a thabhairt di ach úsáid a bhaint as modhanna agus ábhar roghnaithe agus/nó foirm nua a thabhairt don ábhar a úsáidtear |
| **Cruthaigh (gur fíor rud)** | sraith céimeanna loighciúla a úsáid chun an toradh inmhianta a bhaint amach ar bhealach foirmiúil |
| **Cuir i bhfeidhm** | faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú |

| Briathar | Cur síos |
|---|---|
| **Cuir i gcodarsnacht** | comhfhreagrachtaí idir dhá smaoineamh a bhrath |
| **Cuir i gcrích** | smaoineamh, táirge nó dréacht a chur i bhfeidhm, a fhorghníomhú nó a chur i ngníomh |
| **Cuir i láthair** | foirm shonrach cumarsáide ina ndéantar íomhánna/rudaí inbhraite do dhaoine eile |
| **Cuir i ngrúpa** | réada a shainaithint de réir saintréithe |
| **Cuir in eagar** | obair a bhailiú, a ullmhú, a eagrú, a athbhreithniú nó a cheartú chun sraith aontaithe a chruthú |
| **Cuir in iúl** | smaoineamh nó mothúchán a léiriú go soiléir agus go cumasach |
| **Cuir in iúl (le cumarsáid)** | comharthaí amhairc-ghothacha, comharthaí béil nó comharthaí eile a úsáid chun brí a roinnt nó chun faisnéis a mhalartú Idirghníomhú idir an seoltóir agus an faighteoir; oibríonn an bheirt le chéile le go mbainfear tuiscint amach |
| **Cuir in ord** | cur síos a dhéanamh ar nithe/córais bunaithe ar chastacht agus/nó ord |
| **Cuir le chéile** | eolas a fhorbairt i bhfoirm léaráide nó loighce; ní dhéantar é trí fhíricí a thabhairt chun cuimhne ach trí chosúlachtaí nó trí fhaisnéis a úsáid agus a nascadh |
| **Cuir luach ar** | aitheantas a thabhairt don ghnóthachtáil choincheapúil agus chruthaitheach ba chúis leis an obair shonrach. Léirthuiscint a bheith agat d'éagsúlacht na réiteach agus na bhfoirmeacha léirithe difriúla |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| **Dealaigh** | na difríochtaí idir dhá choincheap nó dhá rud nó níos mó a dhéanamh soiléir |
| **Déan amach** | teacht ar chonclúid bunaithe ar an eolas a thugtar |
| **Déan breithiúnas** | ráiteas is féidir a chosaint a cheapadh bunaithe ar chritéir |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Déan critíc ar** | anailís agus measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar rud éigin |
| **Déan taighde** | staidéar ar ábhair agus ar fhoinsí chun fíricí a shuí agus chun teacht ar chonclúidí nua; teoiricí nó dlíthe a bhfuil glacadh leo a athbhreithniú i bhfianaise fíricí nua |
| **Deimhnigh** | fianaise a thabhairt chun tacú le fírinne ráitis |
| **Díorthaigh** | teacht ar ráiteas nó foirmle trí phróiseas smaointeoireachta loighciúla; ionramháil a dhéanamh ar ghaol matamaiticiúil chun cothromóid nó gaol nua a thabhairt |
| **Dréachtaigh** | smaoineamh nó coincheap a fhorbairt le haghaidh obair phleanáilte |
| **Faigh amach** | an t-aon fhreagra féideartha a fháil trí ríomh, trí luachanna tomhaiste nó atá ar eolas a chur in ionad cainníochtaí eile i bhfoirmle chaighdeánach |
| **Faigh taithí** | rud a bhrath ar bhonn cúinsí aeistéitiúla agus caidreamh pearsanta díreach a bhunú |
| **Fiosraigh** | smaoineamh nó labhairt faoi rud éigin chun tuilleadh eolais a fháil ina leith |
| **Forbair** | píosa oibre nó smaoineamh a fhorbairt ón staid tosaigh go dtí staid níos faide ar aghaidh |
| **Freagair** | freagairt do spreagthach a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar léirmheastóireacht, mothúchán, aeistéitice nó comhthéacs, nó meascán díobh siúd |

| Briathar | Cur síos |
|---|---|
| **Gabh** | rud a léiriú nó a thaifeadadh i bhformáid bhuan |
| **Idirdhealaigh** | an difríocht i rudaí nó idir rudaí a bhrath; rudaí a chruthú nó a mharcáil go difriúil le rudaí eile den sórt sin; dealú a dhéanamh |
| **Idirdhealaigh (breithnigh)** | breithiúnas maith a úsáid chun dealú cúramach nó beacht a dhéanamh |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra |
| **Léirigh** | samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin |
| **Léirigh (go grafach)** | líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin |
| **Léirigh (cuir in iúl)** | rud a thabhairt chun cuimhne go soiléir agus go cinnte trí úsáid a bhaint as cur síos nó samhlaíocht |
| **Léirigh comhbhá** | feasacht agus aireachtáil dhírithe a úsáid chun ceangal iomasach a chruthú le hábhar an chaidrimh ar bhealach a théann níos faide ná próiseas cognaíoch réasúnach |
| **Léirmhínigh** | eolas agus tuiscint a úsáid chun treochtaí a aithint agus teacht ar chonclúidí ó fhaisnéis a thugtar |
| **Léirmhínigh (aeistéitiúil)** | brí a shannadh do rudaí ar bhonn breathnuithe agus eolas comhthéacsúil; éifeacht íomhá a chur i bhfocail trí réasúnú agus míniú ar bhonn machnaimh agus tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil an íomhá mar atá sí agus nach bhfuil sí difriúil |
| **Léirthuiscint a bheith ag...do...** | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Liostaigh** | roinnt pointí a thabhairt, gan aon mhíniú breise |
| **Luaigh** | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| **Meas** | ráiteas nó ríomh cainníochta ar ord méadaíochta réasúnaithe a thabhairt |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil |
| **Measúnaigh** | meastachán a dhéanamh ar luach nó ar thábhacht nó ar chaighdeán ruda |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | ianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (sonraí)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais a dhéanamh agus breithmheas a thabhairt; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba cheart tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Rangaigh** | rudaí a chur i ngrúpaí bunaithe ar thréithe comónta |
| **Réitigh** | freagra a aimsiú trí réasúnaíocht |
| **Ríomh** | teacht ar fhreagra uimhriúil, ag taispeáint na gcéimeanna cuí san oibriú amach |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |

| Briathar | Cur síos |
|---|---|
| **Sainmhínigh** | míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap nó ar chainníocht fhisiceach |
| **Samhaltaigh** | léiriú matamaiticiúil a ghiniúint (m.sh. uimhir, graf, cothromóid, fíor gheoiméadrach) le haghaidh nithe san fhíorshaol nó sa mhatamaitic, airíonna, gníomhartha, nó gaoil |
| **Samhlaigh** | imprisin amhairc roimhe seo a thabhairt chun cuimhne agus smaointe inmheánacha nua a chruthú ar bhealach atá inchomparáide le haireachtáil chéadfach |
| **Sceitseáil** | cur in iúl trí léaráid nó trí ghraf (arna lipéadú mar is cuí); ba cheart go dtabharfadh an sceitse barúil den chruth nó den chaidreamh a theastaíonn, agus ba cheart go mbeadh na gnéithe ábhartha ann |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus idirghaolmhaireacht na saincheiste |
| **Sintéisigh** | smaointe difriúla a thabhairt le chéile chun tuiscint nua a chruthú |
| **Suigh** | ionad míre nó smaoinimh a lonnú i seicheamh atá ar eolas |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| **Tabhair breithmheas** | píosa saothair nó téacs a mheasúnú, a bhreith nó a mheas |
| **Tabhair chun cuimhne** | cuimhneamh ar rud nó é a aithint ó thaithí foghlama roimhe seo |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Taifead** | smaointe, beathnóireachtaí, íomhánna físiúla, fuaim, sonraí, srl., a chur síos nó a chlárú ar rud éigin as ar féidir iad a atáirgeadh |
| **Táirg** | rud éigin le breith nó le cur ar taispeántas a dhéanamh, a chruthú nó a thabhairt ar an saol trí iarracht intleachtúil nó fhisiciúil |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Tarraing (líníochtaí)** | faisnéis a thaifeadadh go físiúil ar mhaithe le fiosrú, anailís, cumarsáid, cur in iúl agus réiteach fadhbanna |
| **Téigh i ngleic le** | dul i mbun gníomhaíochta nó ábhar spéise nó a bheith gafa leo; spéis agus aird a mhealladh nó a choimeád |
| **Tiontaigh** | athrú go foirm eile |
| **Tomhais** | athruithe i gcórais a chainníochtú (a mheas) trí uirlis tomhais a léamh |
| **Trácht** | tuairim a thabhairt bunaithe ar ráiteas a tugadh nó ar thoradh ríofa |
| **Tuar** | toradh ionchasach teagmhais a thabhairt; teagmhas nua a mhíniú bunaithe ar bhreathnuithe nó ar fhaisnéis ag úsáid naisc loighciúla idir míreanna eolais |
| **Tuig** | corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus é sin a chur i bhfeidhm |
| **Úsáid** | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh. Rud éigin a chur i bhfeidhm ar bhealach dírithe |

*CNCM, 2019, Ealaín Sonraíocht na hArdteistiméireachta l.34-38*

## Gluais

Tá sé i gceist go soiléireoidh an ghluais seo coincheapa agus téarmaí a úsáideadh i Ráiteas an Chláir Idirbhliana agus san imeacht foghlaim ghairmiúil seo.

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| **Clár éifeachtach** | Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire. |
| **Gnéithe Curaclaim** | Treoraíonn siad seo scoileanna i dtaca leis na bealaí is fearr a bhféadtar dearadh agus forchéimniú a gcláir IB a stiúradh. Soláthraíonn siad na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a fhorbairt, a mheas agus a athnuachan. |
| **Táscairí forbartha** | Is ráitis iad seo laistigh de na Gnéithe Scoláire atá ceaptha le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an scoláire dul chun cinn agus forbairt trína rannpháirtíocht san IB. |
| **Príomhinniúlachtaí** | Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí. |
| **Micreamhodúl*** | Is iondúil go gceaptar micreamhodúl Idirbhliana chun eispéireas foghlama dírithe a chur ar fáil laistigh de pharaiméadair Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, chun feabhas a chur ar an eispéireas foghlama don scoláire. |
| **Gnéithe Scoláire** | Is ionann iad seo agus cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san Idirbhliain (IB) agus na heispéiris a bhféadfadh sé go dtacóidís leis an bhforbairt seo. Tá leagtha amach sna Gnéithe Scoláire na paraiméadair le haghaidh fhorbairt an scoláire agus is iad an chroí-bhunsraith ar a ndéantar cláir IB a dhearadh. |
| **Eispéiris foghlama Ealaíne an scoláire*** | Tá na heispéiris scoláire ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha. |
| **Eispéiris Scoláire** | Eascraíonn siad seo as na Táscairí Forbartha agus soláthraíonn siad na deiseanna agus na comhthéacsanna ina bhféadann an scoláire foghlaim agus forbairt a dhéanamh |

**Bhí na téarmaí seo curtha leis an ngluais chun tacú leis a IFG seo*

*CNCM, 2024, Ráiteas Chláir na hIdirbhliana, l.30*

## Tagairtí


CNCM, (2019), Ealaín Sonraíocht na hArdteistiméireachta
https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/art/

CNCM, (2023), Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach
https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

CNCM, (2019), Díriú ar an bhFoghlaim – Torthaí Foghlama
https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim/

CNCM, (2024), Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, Leabhrán Tacaíochta do Scoileanna
https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

CNCM, (2024), Ráiteas Chláir na hIdirbhliana
https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/transition-year/

CNCM, (2025), Transition Year micro-module, Guidance for Completing the Micro-module Template
https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/transition-year/supports-for-the-ty-programme-statement/externally-developed-micro-modules/micro-modules/

OECD, (2019), Future of Education and Skills 2030
https://www.oecd.org/en/about/projects/future-of-education-and-skills-2030.html

Stráitéisí Smaointeoireachta Amhairc, (2025)
https://vtshome.org/